Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**7988/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0079(NLE)**

**AELE 20**
**MI 315**
**ISL 7**
**N 18**
**FL 8**
**FSC 9**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE (Maoirseacht ESMA ar riarthóirí tagarmharcanna áirithe) |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE (Maoirseacht ESMA ar riarthóirí tagarmharcanna áirithe)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[2] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Rialacháin Tarmligthe (AE) 2022/804, (AE) 2022/805[3] agus (AE) 2024/1705[4]ón gCoimisiún[5], ba cheart iad a ionchorprú i gComhaontú LEE.

---

[2] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/1994/1/oj.

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/805 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí tháillí a shonrú is infheidhme maidir le maoirseacht ag an Údarás Eorpach um Margaí Urrús ar riarthóirí tagarmharcanna áirithe (IO L 145, 24.5.2022, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/805/oj).

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1705 ón gCoimisiún an 11 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/805 a mhéid a bhaineann le comhchuibhiú gnéithe áirithe de na táillí a ghearrann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar riarthóirí tagarmharcanna áirithe (IO L, 2024/1705, 18.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1705/oj).

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/804 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha nós imeachta a shonrú maidir le bearta is infheidhme i dtaca leis an maoirseacht ag an Údarás Eorpach um Margaí Urrús ar riarthóirí tagarmharcanna áirithe (IO L 145, 24.5.2022, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/804/oj).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE maidir leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*